
CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH



# CLÁR BEALTAINE

**BEALTAINE PROGRAMME 2024**

**AIBREÁN - MEITHEAMH 2024**

APRIL - JUNE 2024

FÉASTA NA BEALTAINE

# FOCAL ÓN STIÚRTHÓIR
# WORD FROM THE DIRECTOR

Is spásanna uathúla iad Dánlann Dillon agus Na Ballaí Bána, an dá ghailearaí ealaíne atá sa Chultúrlann a thugann deis dúinn uilig saothar as fud fad an domhain a fheiceáil. An séasúr seo tá ceiliúradh agus comóradh á dhéanamh ar Tomi Ungerer, Francach a chaith roinnt mhaith dá shaol in Éirinn, ag Illustrators Ireland. Beidh saothar le leathchéad maisitheoir in airde, éagsúlacht iontach a thabharfaidh léargas neamhghnách dúinn ar ghnéithe den tsaol.

Mheall Aerach Aiteach Gaelach, comharghrúpa ealaíontóirí aiteacha, na sluaite an bhliain seo caite nuair a chuir siad dráma nua ar an ardán, agus beidh siad ar ais arís i mí na Bealtaine le ceardlann scríbhneoireachta a reáchtáil. I measc na n-éascaitheoirí tá Sam Ó Fearraigh. Ní hamháin go bhfuil ról ag Sam faoi láthair in Ros na Rún ar TG4 mar Frankie, coirpeach contúirteach, ach bíonn eagráin den sobaldráma Gaeltachta á scríobh aige fosta.

Leanfar leis na ranganna agus leis na gníomhaíochtaí óige. Beimid ag ceiliúradh leis na déagóirí a ghlac páirt i dtionscadal ARTiculate. Mar thoradh ar a gcuid oibre tá ceardanna nua ar eolas acu agus tá tá rap scríofa acu a thaifead siad in Raidió Fáilte. Seolfar é ag deireadh na bliana scoile.

Táimid thar a bheith buíoch dár bpríomh-mhaoinitheoir, an Chomhairle Ealaíon, as a dtacaíocht leanúnach agus dár maoinitheoirí eile, Foras na Gaeilge, Comhairle Chathair Bhéal Feirste, an Roinn Pobal, Ciste Infheistíochta na Gaeilge agus Future Screens.



*Dánlann Dillon and Na Ballaí Bána galleries are unique spaces in West Belfast that offer audiences the chance to enjoy visual art from all over the globe, and this season the walls of An Chultúrlann will don the work of almost sixty different artists as we join up with Illustrators Ireland in their homage to Tomi Ungerer, a French artist who spent much of his life in Ireland.*

*The queer arts collective Aerach Aiteach Gaelach returns to Belfast after their sold out theatre performances last year. In May, Sam Ó Fearraigh, who plays Ros na Rún's most recent villain is among those facilitating a writing workshop. The TG4 soap actor also is one of the show's writers.*

*As always, we continue with our Irish classes for adults and arts-based activities for children. In June, we'll be celebrating the work of our teenagers who took part in the ARTiculate programme, which included craftwork, dance and composing of songs. The rap they wrote and recorded in Raidió Fáilte's studios will be launched in June.*

*We are extremely grateful to the Arts Council, our principal funder, and to all our funders for their ongoing support, namely Foras na Gaeilge, Belfast City Council, the Department for Communities, Ciste Infheistíochta na Gaeilge and Future Screens.*

**Gráinne Ní Ghilín**

# TEACHTAIREACHT ÓNÁR bPRÍOMH-MHAOINITHEOIR
# MESSAGE FROM OUR PRINCIPAL FUNDER



Cuireann an Chultúrlann fáilte roimh shéasúr an earraigh le clár bríomhar nua a bhuailfidh le racht cruthaitheach muid, rud atá de dhíth orainn chun míonna fada an gheimhridh a chur taobh thiar dínn. Tá an oiread sin a mheallfaidh gach duine, is cuma cén aois thú nó cén spéis atá agat, lena n-áirítear ranganna agus ceardlanna rialta chomh maith le ceolchoirmeacha agus léirithe speisialta, agus deis iontach chun Féile na Bealtaine a cheiliúradh leis Na Cleamairí agus a seó scéalaíochta traidisiúnta Gaelach.

Mar cheann de na moil is beoga do na healaíona, tá sé mar aidhm ag an Chultúrlann spás a chur ar fáil don chruthaitheacht. Cruthaíonn sí timpeallacht ina spreagtar ealaíontóirí chun forbairt agus chun lucht féachana nua a mhealladh lena gcuid oibre, agus is féidir le cuairteoirí a bheith ag súil i gcónaí le teacht ar rud éigin nua tarraingteach.

Mar phríomh-mhaoinitheoir trínár gcistí Crannchuir Náisiúnta, tá an Chomhairle Ealaíon bródúil as tacaíocht a thabhairt don Chultúrlann agus í ag leanúint ar aghaidh ag spreagadh, ag soláthar siamsa agus ag tógáil chroíthe an phobail ar a sainstíl féin tríd na healaíona.

*Cultúrlann welcomes in the Spring with a bright new programme that will give us all the shot of creative inspiration we need to help put the long winter months behind us. There's so much here for everyone to enjoy, whatever your age or interests, from the regular classes and workshops to the special concerts and performances, and a great opportunity to celebrate the Bealtaine Festival with The Cleamairí traditional Irish storytelling show.*

*As one of our liveliest hubs for the arts, An Cultúrlann provides a focus point for creativity in the area. It creates an environment in which artists are encouraged to develop and to reach new audiences with their work, and visitors can always expect to encounter something new and engaging.*

*As principal funder through our National Lottery funds, the Arts Council is proud to support An Cultúrlann as it continues to lift, inspire and entertain everyone through the arts.*

**Roisín McDonough,**
Príomhfheidhmeannach,
Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann
*Chief Executive,*
*Arts Council of Northern Ireland*

# AIBREÁN | APRIL

| Imeacht | Cineál Imeachta | |
|---|---|---|
| **Na Saoithe Gan Locht**<br>03/04/24 \| 10am - 12pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Cór na mBan**<br>03/04/24 \| 7 - 9pm | | *Ceol \| Music* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>06/04/24 \| 12 - 2pm | | *Ceol \| Music* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>08/04/24 \| 6 - 10pm | | *Óige \| Youth* |
| **Ciorcal Léitheoireachta**<br>08/04/24 \| 6:30pm | | *Litríocht \| Literature* |
| **Ranganna Ióga**<br>09/04/24 \| 6:30 - 7:30pm | | *Pobal \| Community* |
| **Na Saoithe Gan Locht**<br>10/04/24 \| 10am - 12pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Cór na mBan**<br>10/04/24 \| 7 - 9pm | | *Ceol \| Music* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>13/04/24 \| 12 - 2pm | | *Ceol \| Music* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>15/04/24 \| 6 - 10pm | | *Óige \| Youth* |
| **Ranganna Ióga**<br>16/04/24 \| 6:30 - 7:30pm | | *Pobal \| Community* |
| **Na Saoithe Gan Locht**<br>17/04/24 \| 10am - 12pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Cór na mBan**<br>17/04/24 \| 7 - 9pm | | *Ceol \| Music* |

# AIBREÁN | APRIL

| Imeacht | Cineál Imeachta | |
|---|---|---|
| **AerachAiteachGaelach Ceardlann Scríbhneoireachta**<br>18/04/24 \| 10am - 3pm | | *Litríocht \| Literature* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>20/04/24 \| 12 - 2pm | | *Ceol \| Music* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>22/04/24 \| 6 - 9pm | | *Óige \| Youth* |
| **Ranganna Ióga**<br>23/04/24 \| 6:30 - 7:30pm | | *Pobal \| Community* |
| **Cór na mBan**<br>24/04/24 \| 7 - 9pm | | *Ceol \| Music* |
| **Na Saoithe Gan Locht**<br>24/04/24 \| 10am - 12pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Taispeántas: Mariana Santos**<br>25/04/24 - 06/06/24<br>Seoladh: 25/04/24 \| 7-9pm | | *Na hAmharcealaíona \| Visual Arts* |
| **Taispeántas: Mark Beatty**<br>25/04/24 - 06/06/24<br>Seoladh: 25/04/24 \| 7-9pm | | *Na hAmharcealaíona \| Visual Arts* |
| **Ceol na mBan**<br>26/04/24 \| 12 - 2pm | | *Ceol \| Music* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>27/04/24 \| 12 - 2pm | | *Ceol \| Music* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>29/04/24 \| 6 - 10pm | | *Óige \| Youth* |
| **Ranganna Ióga**<br>30/04/24 \| 6:30 - 7:30pm | | *Pobal \| Community* |

# BEALTAINE | MAY

| Imeacht | | Cineál Imeachta |
|---|---|---|
| **Seó Bealtaine - Na Cleamairí**<br>01/05/24 \|<br>04/05/24 \| | | Teaghlaigh \| Family |
| **Na Saoithe Gan Locht**<br>01/05/24 \| 10am - 12pm | | Oideachas \| Education |
| **Ranganna Gaeilge**<br>01/05/24 \| 7 - 9pm | | Oideachas \| Education |
| **Cór na mBan**<br>01/05/24 \| 7 - 9pm | | Ceol \| Music |
| **Siúracha na Gealaí Caillte: Tionscadal Diane di Prima le hImram**<br>03/05/24 \| 7pm | | Litríocht \| Literature |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>04/05/24 \| 12 - 2pm | | Ceol \| Music |
| **Na Bopóga**<br>04/05/24 \| 10 - 11am | | Teaghlaigh \| Family |
| **Aisling Óg**<br>04/05/24 \| 12 - 2pm | | Óige \| Youth |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>06/05/24 \| 6 - 10pm | | Óige \| Youth |
| **Ranganna Ióga**<br>07/05/24 \| 6:30 - 7:30pm | | Pobal \| Community |
| **Na Saoithe Gan Locht**<br>08/05/24 \| 10am - 12pm | | Oideachas \| Education |
| **Ranganna Gaeilge**<br>08/05/24 \| 7 - 9pm | | Oideachas \| Education |

# BEALTAINE | MAY

| *Imeacht* | *Cineál Imeachta* |
|---|---|
| **Cór na mBán**<br>08/05/24 \| 7 - 9pm | *Ceol \| Music* |
| **Na Bopóga**<br>11/05/24 \| 10 - 11am | *Teaghlaigh \| Family* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>11/05/24 \| 12 - 2pm | *Ceol \| Music* |
| **Aisling Óg**<br>11/05/24 \| 12 - 2pm | *Óige \| Youth* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>13/05/24 \| 6 - 10pm | *Óige \| Youth* |
| **Ranganna Ióga**<br>14/05/24 \| 6:30 - 7:30pm | *Pobal \| Community* |
| **Na Saoithe Gan Locht**<br>15/05/24 \| 10am - 12pm | *Oideachas \| Education* |
| **Ranganna Gaeilge**<br>15/05/24 \| 7 - 9pm | *Oideachas \| Education* |
| **Cór na mBan**<br>15/05/24 \| 7 - 9pm | *Ceol \| Music* |
| **Na Bopóga**<br>18/05/24 \| 10 - 11am | *Teaghlaigh \| Family* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>18/05/24 \| 12 - 2pm | *Ceol \| Music* |
| **Aisling Óg**<br>18/05/24 \| 12 - 2pm | *Óige \| Youth* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>20/05/24 \| 6 - 10pm | *Óige \| Youth* |
| **Ranganna Ióga**<br>21/05/24 \| 6:30 - 7:30pm | *Pobal \| Community* |

# BEALTAINE | MAY

| *Imeacht* | *Cineál Imeachta* | |
|---|---|---|
| **Na Saoithe Gan Locht**<br>22/05/24 \| 10am - 12pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Ranganna Gaeilge**<br>22/05/24 \| 7 - 9pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Cór na mBan**<br>22/05/24 \| 7 - 9pm | | *Ceol \| Music* |
| **Na Bopóga**<br>25/05/24 \| 10 - 11am | | *Teaghlaigh \| Family* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>25/05/24 \| 12 - 2pm | | *Ceol \| Music* |
| **Aisling Óg**<br>25/05/24 \| 12 - 2pm | | *Óige \| Youth* |
| **Imeacht Scéalaíochta le Buzz & Jaff**<br>25/05/24 \| 7pm - Mall | | *Pobal \| Community* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>27/05/24 \| 6 - 10pm | | *Óige \| Youth* |
| **Ranganna Ióga**<br>28/05/24 \| 6:30 - 7:30pm | | *Pobal \| Community* |
| **Na Saoithe Gan Locht**<br>29/05/24 \| 10am - 12pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Ranganna Gaeilge**<br>29/05/24 \| 7 - 9pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Cór na mBan**<br>29/05/24 \| 7 - 9pm | | *Ceol \| Music* |
| **Ceol na mBan**<br>31/05/24 \| 12 - 2pm | | *Ceol \| Music* |

## MEITHEAMH | JUNE

| Imeacht | Cineál Imeachta | |
|---|---|---|
| **Coirnéal an Cheoil**<br>01/06/24 \| 12 - 2pm | | *Ceol \| Music* |
| **Aisling Óg**<br>01/06/24 \| 12 - 2pm | | *Óige \| Youth* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>03/06/24 \| 6 - 10pm | | *Óige \| Youth* |
| **Ranganna Ióga**<br>04/06/24 \| 6:30 - 7:30pm | | *Pobal \| Community* |
| **Na Saoithe Gan Locht**<br>05/06/24 \| 10am - 12pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Ranganna Gaeilge**<br>05/06/24 \| 7 - 9pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Cór na mBan**<br>05/06/24 \| 7 - 9pm | | *Ceol \| Music* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>08/06/24 \| 12 - 2pm | | *Ceol \| Music* |
| **Aisling Óg**<br>08/06/24 \| 12 - 2pm | | *Óige \| Youth* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>10/06/24 \| 6 - 10pm | | *Óige \| Youth* |
| **Ranganna Ióga**<br>11/06/24 \| 6:30 - 7:30pm | | *Pobal \| Community* |
| **Na Saoithe Gan Locht**<br>12/06/24 \| 10am - 12pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Ranganna Gaeilge**<br>12/06/24 \| 7:00 - 9:00pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Cór na mBan**<br>12/06/24 \| 7 - 9pm | | *Ceol \| Music* |

# MEITHEAMH | JUNE

| *Imeacht* | *Cineál Imeachta* | |
|---|---|---|
| **Taispeántas: Janice Cherry \| Dillon Award Recipient**<br>13/06/2024 - 25/07/24<br>Seoladh: 13/06/2024 \| 7 - 9pm | | *Na hAmharcealaíona/ Visual Arts* |
| **Taispeántas: Dominic McKeown**<br>13/06/2024 - 25/07/24<br>Seoladh: 13/06/2024 \| 7 - 9pm | | *Na hAmharcealaíona/ Visual Arts* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>15/06/24 \| 12 - 2pm | | *Ceol \| Music* |
| **Aisling Óg**<br>15/06/24 \| 12 - 2pm | | *Óige \| Youth* |
| **Cumann Óige na bhFál**<br>17/06/24 \| 6 - 10pm | | *Óige \| Youth* |
| **Na Saoithe Gan Locht**<br>19/06/24 \| 10am - 12pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Ranganna Gaeilge**<br>19/06/24 \| 7pm - 9pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Cór na mBan**<br>19/06/24 \| 7 - 9pm | | *Ceol \| Music* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>22/06/24 \| 12 - 2pm | | *Ceol \| Music* |
| **Aisling Óg**<br>22/06/24 \| 12 - 2pm | | *Óige \| Youth* |
| **Na Saoithe Gan Locht**<br>26/06/24 \| 10am - 12pm | | *Oideachas \| Education* |
| **Cór na mBán**<br>26/06/24 \| 7 - 9pm | | *Ceol \| Music* |
| **Ceol na mBan**<br>28/06/24 \| 12 - 2pm | | *Ceol \| Music* |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>29/06/24 \| 12 - 2pm | | *Ceol \| Music* |




## AN CEATHRÚ PÓILÍ

Is siopa neamhspleách leabhair Ghaeilge é An Ceathrú Póilí agus muid ar an fhód le breis agus 30 bliain anois. Tá éagsúlacht mhór leabhar do gach aoisghrúpa ann mar aon le cártaí ócáide, CDanna agus féiríní. Suite i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, is mol litríochta fáilteach é an siopa do leabharbháigh, do cheardaithe agus d'éisteoirí ceoil.

*An Ceathrú Póilí is Belfast's Irish language and Irish interest bookshop with a diverse catalogue which ranges from history and biography to children's tales and learning resources. Based in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, we are a welcoming hub for readers, craftspeople and music lovers.*

| |
|---|
| *Uaireanta oscailte:* *Opening Hours:* |
| *Dé Luain - Dé hAoine:* *Monday - Friday:* |
| **9:30am - 5:30pm** |
| *Dé Sathairn:* *Saturday:* |
| **9:30am - 4:00pm** |
| *Dé Domhnaigh:* *Sunday:* |
| **Druidte \| Closed** |
| 02890 322811 |
| eolas@anceathrupoili.com |
| www.anceathrupoili.com |



## BIA LOCH LAO

Suite i gcroílár na Ceathrún Gaeltachta, i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, tá Bia Loch Lao ina chaifé agus ina bhialann do Ghaeil agus do chairde na Gaeilge agus na n-ealaíon. Tá rogha gach bia agus togha gach dí ar fáil sa bhialann, agus cócaireacht den chaighdeán is airde. Gheobhaidh achan duine a cheannaíonn ticéid d'imeachtaí na Cultúrlainne 15% lacáiste ar bhia. Bígí linn!

Cuir glaoch orainn ar 02890 964184

*Situated in the heart of the Gaeltacht Quarter, in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, Bia Loch Lao is a café restaurant where you are guaranteed a warm Irish welcome and a 'cúpla focal' or more. Bia Loch Lao offers the best of Belfast food and drink, made to the highest standards. Get 15% off your food if you hold tickets to any of the Cultúrlann events. Come and join us!*

*Call us on 02890 964184*

| |
|---|
| *Uaireanta oscailte:* *Opening Hours:* |
| *Dé Luain - Déardaoin:* *Monday - Thursday:* |
| **9:00am - 7:00pm** |
| *Dé hAoine - Dé Sathairn* *Friday - Saturday:* |
| **9:00am - 9:00pm** |
| *Dé Domhnaigh* *Sunday:* |
| **9:00am - 7:00pm** |
| *Cuir glaoch orainn ar / Call us on* *02890 964184* |




## CUMANN ÓIGE NA BHFÁL

Bíonn Cumann Óige na bhFál ar siúl i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich gach oíche Luain ó 6:00pm - 8:00pm do pháistí bunscoile (idir rang 4 agus rang 7) agus ó 8:00pm - 10:00pm do dhaltaí meánscoile (ón chéad bhliain ar aghaidh). Bíonn eispéiris iontacha ag daoine óga agus iad ag glacadh páirt in imeachtaí an chumainn, idir chluichí, cheol, dhráma, chláir fhorbartha phearsanta agus a thuilleadh, baineann daoine óga ansult as an Chumann Óige.

*Join us for Cumann Óige na bhFál every monday night in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich from 6.00pm - 8.00pm for primary school kids (rang 4 - rang 7) and 8.00pm - 10.00pm for secondary school kids (first year +) The Cumann Óige offers great opportunities for young people with a variety of activities from games, music, drama, to personal development programmes. New members are always welcome!*

| |
|---|
| *Dáta \| Date* |
| ***08/04/24 - 17/06/24*** |
| *Páistí Bunscoile:* <br> *Primary school kids:* |
| ***6:00pm - 8:00pm*** |
| *Déagóirí:* <br> *Secondary school kids:* |
| ***8:00pm - 10:00pm*** |
| *Eolas \| Info:* <br> enimhuireagain@culturlann.ie <br> 028 9096 4180 |




# AISLING ÓG

Beidh scoil drámaíochta na Cultúrlainne 'Aisling Óg' ag cur tús le téarma nua an 4ú Bealtaine agus tá muid ar bís! Seo deis iontach le cur le muinín agus le scileanna cumarsáide agus aisteoireachta páistí óga ó Rang 1 ar aghaidh chomh maith le bualadh le cairde nua agus spraoi a bheith acu. Déanann muid gach gné de na healaíona a chíoradh – damhsa, ealaín, ceol agus drámaíocht ina measc, le clár spreagúil bríomhar a chomhlíonadh.

*dramaíocht ina measc, le clár spreagúil bríomhar a chomhlíonadh. Cultúrlann's Drama School 'Aisling Óg' will start back on 4th of May and we cannot wait! This is a great opportunity for children from Primary 1 and up to build on their confidence,conversational skills and acting abilities, all whilst making new friends and having great fun. We explore every aspect of the arts including dance, art, music and drama to fulfil an exciting and engaging programme.*

| |
|---|
| *Dáta \| Date* |
| ***04/05/24 - 22/06/24*** |
| *Am \| Time* |
| ***12:00pm - 2:00pm*** |
| *Eolas \| Info* |
| enimhuireagain@culturlann.ie<br>028 9096 4180 |



## NA BOPÓGA

Ná caill Plúra-Lúra, Nóra Bheag, Daideo, agus a gcairde go léir lena gcuid scéalta, amhrán agus damhsaí a mbainfidh páistí beaga an-spraoi astu agus iad ag cur lena bhforbairt oideachasúil. Beidh réimse scéalaíochta, damhsa, agus puipéadóireachta agus gníomhaíochtaí ealaíne ann le suim na bpáistí a mhealladh.

*Don't miss Plúra-Lúra, Nóra Bheag, Daideo and all their friends with their stories, songs and dances that small children will enjoy while enhancing their educational development. There will be plenty of storytelling, puppets and art activities to keep the little ones entertained.*

| Dáta \| Date |
|---|
| 04/05/24 - 25/05/24 |
| Am \| Time |
| 10: 00am - 11:00am |
| £30 |
| https://culturlann.ticketsolve.com/shows |



# SEÓ BEALTAINE
## NA CLEAMAIRÍ

Bhíodh an scéalaíocht lárnach i saol an phobail in Éirinn fadó. Tá beirt phíobairí aitheanta, Aodán 'Jaff' Mac Séafraidh agus Cormac 'Buzz' Ó Briain ag tabhairt na foirme ealaíne ársa seo os comhair lucht féachana nua ar fud na tíre agus níos faide anonn. Ní hamháin gur scéalaithe oilte iad an bheirt acu ach is píobairí den scoith iad chomh maith. Tháinig an bheirt le chéile chun an scéalaíocht thraidisiúnta a chur i láthair an phobail agus chun an grá a bhí acu don uirlis ab ansa leo, an phíb uilleann, a roinnt. Cnuasach scéalta is ea a seó a bhfuil fonn ar leith ar gach ceann acu a léiríonn doimhneacht na scéalta go hálainn trí mhothúchán iontach ceoil. Dúirt Cormac:

'Tá cúpla scéalaí traidisiúnta fágtha sa tír agus neart píobairí maithe ach go bhfios dúinn níl duine ar bith ag cur idir phíb uilleann agus scéalta traidisiúnta ó na seanlaethe le chéile mar a rinne macasamhail Shéamuis Ennis agus ceoltóirí eile. D'fhoghlaim muid scéalta an cheoil i gcónaí ach is nuair a iarradh orainn go minic seónna a dhéanamh gur shocraigh muid go dtabharfadh muid struchtúr éigin do na léirithe chun léiriú spleodrach a dhéanamh ar ríleanna, poirt agus foinn mhalla corraitheacha le síscéalta, tragóidí, eachtraí dochreidte agus seantraidisiúin.'

| Dáta \| Date | |
|---|---|
| 01/05/24 | Seóanna Bunscoile |
| 04/05/24 | Seó Poiblí |

# COIRNÉAL AN CHEOIL
# THE MUSIC CORNER

| |
|---|
| *Gach Satharn \| Every Saturday* |
| ***12:00pm - 2:00pm*** |
| *Cultúrlann McAdam Ó Fiaich* |



Bígí linn gach aon Satharn sa chaifé nuair a sheinntear scoth an cheoil thraidisiúnta ó shárcheoltóirí agus ó sháramhránaithe.

*Join us every Saturday for the best of traditional music with fantastic traditional musicians playing in the cafe.*

## CEOL NA mBAN

| | |
|---|---|
| *26/04/24* | |
| ***12:00pm - 2:00pm*** | |
| *31/05/24* | |
| ***12:00pm - 2:00pm*** | |
| *28/06/24* | |
| ***12:00pm - 2:00pm*** | |




Ábhar misnigh dúinn uilig seisiún speisialta na mban a bhíonn againn sa chaifé ar an Aoine dheireanach de gach mí mar aitheantas ar thábhacht, ar thallann agus ar ról na mban in earnáil an cheoil thraidisiúnta.
**Fáilte roimh chách, buailigí isteach orainn!**

*As the end of the month draws upon us, we are delighted that on the last Friday of each month, we'll have an all-female-led session in recognition of the importance, the talent and the role of women in the traditional music scene.*
**All welcome, be sure to call in!**



# MARIANA SANTOS

**AM IASACHTA | *BORROWED TIME***

Sa taispeántas seo, "Am Iasachta", roinneann Mariana Duarte Santos sraith líníochtaí, pictiúir agus gearrthacha líonóile spreagtha ag stadáin as seanscannáin/seónna teilifíse atá bailithe aici thar na blianta. Sa saothar seo, féachann sí leis na híomhánna tochtmhara seo a athnuachan nó beocht úr a chur iontu trí iad a scaradh amach óna gcomhthéacs bunaidh agus iad a chur i láthair ar bhealach nua.
Bíonn claonadh ag Mariana go leor scannán/seónna teilifíse nach bhfuil mórán aithne orthu a roghnú, nach mbíonn aisteoirí inaitheanta iontu, cionn is gur mian léi go ndíreofar ar áilleacht na n-íomhánna féin seachas ar phortráid de "dhuine cáiliúil".
Go minic, cuireann na saothair ealaíne a eascraíonn astu scéal oscailte in iúl nó bomaite de theannas amhail is go mbeadh rud éigin ar tí titim amach.
Go minic, gluaiseann íomhánna i scannáin chomh gasta sin nach dtugtar aird orthu, agus tá súil ag an ealaíontóir go gcuirfear beocht nua agus scéalta nua sna híomhánna "caite" seo má léiríonn sí i meán, am agus comhthéacs nua iad.


*In this exhibition "Borrowed Time" Mariana Duarte Santos shares a series of drawings, paintings and linocuts inspired by still frames of old movies/TV shows that she's gathered over time. With these works she seeks to renew or reanimate these poignant images by isolating them from their original context and presenting them in a new way.*
*Mariana tends to pick a lot of little known movies/TV shows, where actors are not immediately identifiable, as she wants the focus to be on the beauty of the images themselves rather than a portrait of a "celebrity".*
*The resulting artworks often convey an open ended narrative or a moment of tension where something is about to happen.*
*Images in film move so quickly that they are often unnoticed, by taking these "discarded" images into a new medium, time, and context, the artist hopes to bring to them a new life and new stories.*

| |
|---|
| 25/04/24 - 06/06/24 |
| Seoladh \| Launch: 25/04/24 \| 7:00pm |
| *Dánlann Dillon* |

# MARK BEATTY

## MACHNAMH AR AN SOLAS

## *REFLECTING ON LIGHT*



*Is sraith líníochtaí pionsail daite é 'Machnamh ar an Solas' a thosaigh amach ar an chéad dul síos mar sceitsí fá choinne píosa oibre suíomhoiriúnaithe ar chéimeanna theach solais Rinn Mhuintir Bháire in iarthar Chorcaí mar chuid de Thionscal na dTithe Solais, samhradh 2022. Sna líníochtaí, úsáidtear dathanna speictream na soilse infheicthe mar thagairt, chomh maith le cruthanna geoiméadracha, chun patrún a dhearadh agus foirmíochtaí níos casta a chruthú. Cruthaíonn il-línte agus ilchruthanna tonnfhaid agus tugann gluaiseacht thar am le tuiscint. Agus iad ag teacht le gnéithe na siméadrachta – comhréiteach, cothromaíocht agus comhréir – cuimsíonn gach líníocht páirteanna a chomhoiriúnaíonn le chéile. Ciallaíonn sé sin gur féidir iad a mhéadú nó a laghdú gan teorainn, gan comhréir a chailleadh. Amharcaim ar an saothar mar agóid chiúin, moilliú d'aon ghnó a chuimsíonn gnéithe machnamhacha an dathúcháin, pléisiúr na simplíochta agus an fonn daonna doshrianta dul i mbun cruthaitheachta.*

*Reflecting on Light is a series of coloured pencil drawings that originally started as sketches for a site-specific work on the steps of the Sheep's Head lighthouse in West Cork as part of The Lighthouse Project in summer 2022. The drawings use the colours of the visible light spectrum as a reference, along with simple geometric shapes, to form pattern and construct more complex formations. The accumulation of repeated lines and shapes form wavelengths and suggest movement over time. Keeping within the qualities of symmetry – harmony, balance and proportion – each drawing consists of parts that match each other. This means they can be scaled up and down in size infinitely and still keep their proportion. I see the work as a quiet protest, a deliberate slowing down that embraces the reflective qualities of colouring-in, the joy of simplicity and the inherent human compulsion to create.*

| 25/04/24 - 06/06/24 |
|---|
| Seoladh \| Launch: 25/04/24 \| 7:00pm |
| *Ballaí Bána* |



## JANICE CHERRY BUAITEOIR GHRADAM DILLON | *DILLON AWARD RECIPIENT*


# TORSOS: LEOCHAILEACHT AGUS MIANACH

## *TORSOS:VULNERABILITY AND RESILIENCE*

Ina léirithe ar an chabhlach sa taispeántas 'Torsos: Leochaileacht agus Mianach', a bheidh linn go luath, déanann Janice Cherry scrúdú ar choincheap na cuimhne sinsearaí. Díríonn an bailiúchán de dhealbha ceirmeacha ar an tráma, ar an easpa cumhachta agus ar an leochaileacht le taobh an mhianaigh, an dóchais agus an ghárthach é an cholainn bhaineann a choimeádann rúin, cuimhní cinn, an tráma agus an phian. Níl gnéithe aitheantais de dhíth orthu mar baineann tábhacht uilíoch leo. Léiríonn na dealbha tionchar fríotha seandálaíochta agus coirp phortach, agus scrúdaíonn siad teoiric Neamh-Chomhfhios Comhchoiteann Jung. Déanann an saothar reatha seo machnamh ar eolas, scileanna agus mianach a chomhroinnt le taobh dúshláin agus tráma an tsaoil a chuirtear ar aghaidh chugainn ónár sinsear tríd an chuimhne. Tá muid leochaileach in aghaidh éifeachtaí an tráma ach, mar sin féin, tá mianach ollmhór ionainn iad a shárú agus an ceann is fearr a fháil orthu. Tugtar cuireadh don bhreathnóir machnamh a dhéanamh ar chion a sinsear féin i dtaca lena leochaileacht a shárú agus a neart a cheiliúradh trínár n-eispéireas daonna comhchoiteann.

*Janice Cherry's upcoming exhibition, 'Torsos: Vulnerability and Resilience', explores the concept of ancestral memory through representations of female torsos. The collection of ceramic sculptures focuses on trauma, powerlessness and vulnerability balanced against resilience, hope and love. The female forms are vessels which hold secrets, memories, trauma and pain. They do not require identifying features as they carry universal relevance. The sculptures demonstrate influences of archaeological finds and bog bodies and explore Carl Jung's theory of the Collective Unconscious. This current body of work contemplates the sharing of knowledge, skills and resilience to life's challenges and traumas passed on through memory from our ancestors. We are vulnerable to the effects of trauma yet possess enormous capacity to overcome and cope. The viewer is invited to consider the contribution which their own ancestors have made to their unique abilities to overcome and celebrate our vulnerabilities and strengths through our shared human experiences.*

| |
|---|
| 13/06/24 - 25/07/24 |
| Seoladh \| Launch: 13/06/23 \| 7:00pm |
| *Dánlann Dillon* |



# DOMINIC MCKEOWN

## CAD É A CHUIR BAC ORT?

### *WHAT HELD YOU BACK?*

Le *"Cad é a chur bac ort"* cuirfear bailiúchán saothar nua i láthair a eascraíonn ó shaothar a rinneadh le hábhair ó eispéiris san am a chuaigh thart agus eispéiris reatha, agus ó spásanna poiblí agus príobháideacha. Na dealbha agus na líníochtaí balla seo, cruthóidh siad sraith eagar a thugann an súgradh agus an teannas le chéile, agus iad á scrúdú trí réimse ábhair bhaile agus neamh-bhaile.

I dtaca le m'eispéaras pearsanta féin i gcórais oideachais, mar dhuine néara-éagsúil, bhí an súgradh ina chuid lárnach de m'fhorbairt. Spreagann na líníochtaí dealbhóireachta seo smaointe pearsanta ar éalúchas, ar idirghabháil agus ar struchtúr agus tá codarsnacht an teannais ina thaca ag gach saothar aonair ábharach.

Spreagann na dealbha agus na líníochtaí seo muid chun athcheangal a dhéanamh leis an dóigh a súgraíonn muid agus a ndéanann muid rudai a fhiosrú taobh istigh de mhúnlaí oideachais.

*"What held you back" will present a new body work stemming from the on-going engagement of working with materials from the past and present experiences, public and private spaces. These wall-based sculptures and drawings will form a series of arrangements that converge play and tension together as one, explored throughout an assortment of domestic and non-domestic materials.*

*Referring from my personal experiences in educational systems, as a neurodiverse person play has been an integral part of my development, these sculptural drawings trigger personal thoughts on escapism, intervention and structure as the looming contrast of tension supports each individual material composition.*

*These sculptures and drawings encourage us reconnect our perspectives on how we play and explore within models of education.*

| 13/06/24 - 25/07/24 |
| --- |
| Seoladh \| Launch: 13/06/23 \| 7:00pm |
| *Ballaí Bána* |





# AERACHAITEACHGAELACH

## CEARDLANN SCRÍBHNEOIREACHTA

Beidh ceardlann scríbhneoireachta ar siúl ag AerachAiteachGaelach i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, ar an 18 Bealtaine 2024, ón 10:00 go dtí 15:00. Ceardlann idirghníomhach a bheidh ann le beirt scríbhneoirí ghradamúla. Pléifidh Sam Ó Fearraigh - file, drámadóir, aisteoir, agus scríbhneoir scripte - ceird na scriptscríbhneoireachta linn agus pléifidh Seán Ó Muireagáin - gníomhaí pobail, file, agus gearrscéalaí - gnéithe den phrós-scríbhneoireacht. Is deis iontach í seo chun an peann a chur le pár agus scileanna scríbhneoireachta a fhorbairt. Beidh spásanna teoranta ann, mar sin de, más spéis leat páirt a ghlacadh sa cheardlann, déan teagmháil le aerach.aiteach.gaelach@gmail.com chun spás a chur in áireamh.

Comharghrúpa spleodrach ealaíon is ea AerachAiteachGaelach agus breis agus 110 ealaíontóir aiteach ann, idir scríbhneoirí, cheoltóirí, dhrámadóirí, ghrianghrafadóirí, thaibheoirí draig agus ealaíontóirí físe agus fuaime. Chuir na filí Ciara Ní É agus Eoin Mc Evoy an grúpa ar bun ag tús 2020 in Amharclann na Mainistreach, Baile Átha Cliath agus is iad an bheirt chéanna atá ag comhstiúradh an ghrúpa faoi láthair. Tá an cheardlann seo á maoiniú le tacaíocht Fhoras na Gaeilge trí Scéim na Litríochta.

*18/04/24 | 10:00am - 3:00pm*

Cultúrlann McAdam Ó Fiaich

aerach.aiteach.gealach@gmail.com

# SIÚRACHA NA GEALAÍ CAILLTE
# TIONSCADAL DIANE DI PRIMA LE HIMRAM

## LOST MOON SISTERS
## The Diane di Prima Project - IMRAM

Guth radacach i nuafhilíocht Mheiriceá a bhí ag Diane di Prima, glór cumhachtach feimineach nuair ba iad na fir is mó a labhair ar son ghlúin na bhfilí Beat. Lámhleabhar na hagóidíochta frithchultúrtha a bhí sa leabhar aici *Revolutionary Letters* (1971) a léiríonn samhlaíocht útóipeach agus aird á tarraingt aici ar an éiceolaíocht. Sa dán eipiciúil 'Loba', ar tour-de-force é, tarraingíonn sí ar go leor miotas chun spiorad an fhaolchú mar bhandia a chruthú le cantaireacht orthaí. 'Fuascailteach agus ar maos i bhfuil, dán do gach ré', dar le Robert Hunter, liriceoir Grateful Dead.

*In Lost Moon Sisters, Dairena Ní Chinnéide embarks on an intimate dialogue with the late radical feminist poet Diane di Prima, speaking to her spirit from west Kerry in a remarkable litany that evokes the personae of the wolf goddess and the warrior woman. The poems are read to music composed by Nick Roth, with sections sung by Olesya Zdorovetska. Images on-screen by Margaret Lonergan.*



*Dáta | Date:* ***03/05/24***

*Doirse | Doors:* ***7:00pm***

Amharclann Mhic Connaith
*Cultúrlann McAdam Ó Fiaich*

£12 | www.culturlann.ticketsolve.com

IMRAM
FÉILE LITRÍOCHTA GAEILGE




# CIORCAL LÉITHEOIREACHTA
# READING CIRCLE

Bláth Fiáin le Meadhbh Ní Eadhra an chéad leabhar eile a bheas faoi chaibidil ag lucht an Chiorcail.





Bláth Fiáin le Meadhbh Ní Eadhra

| Luan | 08/04/24 | 6:30pm |
| --- | --- | --- |

*Áit| Place :*
*Cultúrlann McAdam Ó Fiaich*

*Eolas | Info:*
enimhuireagain@culturlann.ie




## SEOLADH LEABHAR
## MARBHÁIN THÍOS FÚM LE JAKE MAC SIACAIS

An t-úrscéal is déanaí leis an údar Feirsteach, Jake Mac Siacais.
"Bhí marbháin thíos fúm agus fear marbh sa mhullach orm!" – eachtraíocht, diabhlaíocht agus craic i gcuideachta triúr diúlach agus iad ar a gcamchuairt i gCiarraí.

Cuirfear sólaistí ar fáil. Fáilte roimh chách

| |
|---|
| *Dáta / Date:* |
| *01/05/24 - 03/06/24* |
| *Am / Time:* |
| *7.00pm - 9:00pm* |
| *10 seachtaine / 10 weeks* |
| *Eolas / Info:* enimhuireagain@culturlann.ie |



## RANGANNA GAEILGE
## IRISH CLASSES

Leanann ranganna Gaeilge na Cultúrlainne ar aghaidh go dtí an tríú téarma den bhliain acadúil. Tá cúrsa 8 seachtaine ar fáil ina gcuimsítear Bunrang, Meánrang agus Rang Comhrá atá dírithe ar leibhéal Ardranga.

*Cultúrlann's Irish classes continue on to the third term of this academic year We offer a 8 week course which covers Beginner, Intermediate and a conversation class aimed at Advanced level. Registration will take place online and you can get additional information through contacting* **enimhuireagain@culturlann.ie**

*Dáta | Date:*

***01/05/24 - 03/06/24***

*Am | Time:*

***7.00pm - 9:00pm***

*10 seachtaine | 10 weeks*

*Eolas | Info:*

enimhuireagain@culturlann.ie



## NA SAOITHE GAN LOCHT
## PENSIONER'S CLASS

Buail isteach chuig Rang na bPinsinéirí a bhíonn ar siúl gach Céadaoin sa Chultúrlann. Rang neamhfhoirmeálta atá ann le go leor béime ar chora cainte agus ar fhrásaí úsáideacha.

*Call in to the Pensioners' Irish Language class which is on every Wednesday here in the Cultúrlann. It's an informal class with plenty of emphasis on turns of phrases and conversation tips.*

| |
|---|
| *Dáta / Date:* |
| *03/04/24 - 26/06/24* |
| *Am / Time:* |
| *10:00am - 12:00pm* |
| *Saorchead / Free* |

# BUZZ & JAFF

## SCÉALAÍOCHT AGUS PÍOBAIREACHT

Bhíodh an scéalaíocht lárnach i saol an phobail in Éirinn fadó. Tá beirt phíobairí aitheanta, Aodán 'Jaff' Mac Séafraidh agus Cormac 'Buzz' Ó Briain ag tabhairt an fhoirm ealaíne ársa seo os comhair lucht féachana nua ar fud na tíre agus níos faide anonn. Ní hamháin gur scéalaithe oilte iad an bheirt acu ach tá scoth na píobaireachta uilleann acu chomh maith.
Tháinig an bheirt le chéile chun an scéalaíocht thraidisiúnta a chur os comhair an phobail agus chun an grá a bhí acu don uirlis ab ansa leo, an phíb uilleann, a roinnt. Cnuasach scéalta is ea a seó a bhfuil fonn ar leith ar gach ceann acu a léiríonn doimhneacht na scéalta go hálainn trí mhothúchán iontach ceoil. Dúirt Cormac:
'Tá cúpla scéalaí traidisiúnta fágtha sa tír agus neart píobairí maithe ach go bhfios dúinn níl duine ar bith ag cur idir phíb uilleann agus scéalta traidisiúnta ó na sean laethe le chéile mar a rinne a mhacasamhail Shéamuis Ennis agus ceoltóirí eile. D'fhoghlaim muid scéalta an cheoil i gcónaí ach is nuair a iarradh orainn go minic seónna a dhéanamh gur shocraigh muid go dtabharfadh muid struchtúr éigin do na léirithe chun léiriú spleodrach a dhéanamh ar ríleanna, poirt agus foinn mhalla corraitheacha le scéalta sióg, tragóidí, eachtraí dochreidte agus seantraidisiúin.'

Back in the day storytelling was at the heart of community life in Ireland. Now, two well-known pipers, 'Jaff' Mac Séafraidh and Cormac 'Buzz' Ó Brian will bring this ancient art form before a new audience throughout the country and further afield. Not only are they both proficient storytellers but they are also excellent Uilleann pipe players.
The two came together to bring traditional storytelling to the public and to share their love for their favourite instrument, the Uilleann pipes. The show is a collection of stories, each of which has a unique feel that shows the stories passionately through great music. Cormac said:

'There are a few traditional storytellers left in the country and plenty of good pipers, but as far as we know, no one is putting together a bagpipe and traditional stories from the old days like his counterpart James Ennis and other musicians did. We have always learned the stories of music but it was when we were often asked to do shows that we decided to give some structure to the performances in order to make an exciting performance of exciting reels, tunes and melodies with fairy tales, tragedies, incredible adventures and old traditions.'

| |
|---|
| *Dáta / Date:* **25/05/24** |
| *Am / Time:* **7:00pm – Mall** |
| *Eolas / Info:* enimhuireagain@culturlann.ie |





## RANGANNA IÓGA

Breathnaíonn and rang seo ar éagsúlachtaí struchtúir, feasachta, análaithe agus gluaiseachta. Tá an rang seo foirfe do lucht bunleibhéil agus meánleibhéil araon.
**Dátheangach**

This class explores different variations of structure, awareness, breathing and movement. Perfect for beginners and intermediate level.
***Bilingual***

| |
|---|
| *Dáta / Date:* |
| *09/04/24 - 11/06/24* |
| *Am / Time:* |
| *6:30pm - 7:30pm* |
| *Rang seachtainiúil / Weekly class* |

# NA MEÁIN SHÓISIALTA
## SOCIAL MEDIA

Bíonn ardáin na Cultúrlainne i gcónaí gnóthach le hábhair ar chúrsaí laethúla sa Chultúrlann agus caidé a bheas ag teacht aníos - agus ó am go ham le craic leis an fhoireann! Bí cinnte go leanann tú muid ar na hardáin thíos agus tabhairt laidhc le bheith ar an eolas faoi imeachtaí sa Chultúrlann agus le bheith cinnte nach gcailleann tú amach - agus fiú tú féin a fheiceáil i bpictiúir ar an fhíd ó imeacht!

*Our social media platforms are always busy with content about what's going on that day and upcoming events - and sometimes the team having a bit of craic! Make sure to follow us and like our posts to stay up to date on what's happening so that you don't miss out on something special and maybe even catch yourself in the event pictures or reels on our feeds!*

**An bhfuil a fhios agat gur féidir leat an cód QR Linktree a scanadh agus beidh gach píosa eolais faoin Chultúrlann agus na himeachtaí i leathanach beag amháin ar do ghuthán?**

**Did you know you can scan the QR code for Linktree and you'll have access to all information about An Chultúrlann in 1 neat webpage on your phone?**

Linktree - @culturlann
nó scan an cód QR seo le do ghuthán | or scan this QR code with your phone

Suíomh | website - www.culturlann.ie

Facebook - Cultúrlann McAdam Ó Fiaich

Tiktok - @Culturlann

Instagram - @Culturlann

Twitter - @Culturlann

YouTube - @Cultúrlann McAdam Ó Fiaich

CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH

Arts Council of Northern Ireland
Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann
Airts Cooncil o Norlin Airlann

Comhairle Chathair Bhéal Feirste

Foras na Gaeilge

An Roinn Pobal

FUTURE SCREENS NI